



EUROPEAN UNION



EU MISSIONS

RESTORE OUR OCEAN AND WATERS



Aibreán 2024

Leagan 2

Glao ar Léiriú Suime:

**Cúnamh teicniúil chun tacú le pobail
gníomhaithe
cuspóirí Mhisean an AE: Ár nAigéan
agus ár nUiscí a Athchóiriú a bhaint
amach**

STAIR ATHRUITHE			
Dáta	Leagan	Cur síos	Leathanach
22 Márta 2024	1	Céad leagan den Ghlaó ar Léiriú Suime	
12 Aibreán 2024	2	Seimineáir ghréasáin a chur ar fionraí	Le linn na cáipéise

Clár ábhair

Réamhrá	1
Cad é an Misean um “Ár nAigéan & ár nUiscí a Athchóiriú”?	2
An cás mar atá: ár n-aigéan & ár n-uiscí	2
An Misean um ár nAigéan agus ár nUiscí a Athchóiriú	2
Cuspóirí, spriocanna & cumasóirí an mhisin	2
Cairt an Mhisin	3
Tithe solais an mhisin	3
Aidhm agus cuspóirí an ghlaio seo	3
Cé hiad na spriocphobail atá incháilithe do chúnamh teicniúil?	4
Calafóirt	4
Sainiú ar spriocphobail incháilithe	4
Cineálacha gníomhaithe incháilithe	4
Samplaí de smaointe tionscadail	4
Iascaigh	5
Sainiú ar spriocphobail incháilithe	5
Cineálacha gníomhaithe incháilithe	5
Samplaí de smaointe tionscadail	6
Oileáin	6
Sainiú ar spriocphobail incháilithe	6
Cineálacha gníomhaithe incháilithe	8
Samplaí de smaointe tionscadail	8
Cad atá á thairiscint?	9
Cuspóirí an Chúnamh Theicniúil	9
Buntáistí an chúnamh theicniúil	9
Seirbhísí atá le cur ar fáil	10
Cad é an amlíne?	13
Amlíne iarratais	13
Plean chun cúnamh teicniúil a chur chun feidhme	13
Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?	16
Critéir incháilitheachta	16
Critéir eisiatacha	17
Conas iarratas a dhéanamh? Conas a roghnaítear iarratasóirí?	17
Conas an fhoirm iarratais a ullmhú agus a chur isteach	17
Leagan amach na foirme iarratais agus na critéir roghnúcháin ábhartha	19
Forléargas ar an bhFoirm Iarratais	19

Critéir roghnúcháin choiteanna	21
Nós imeachta roghnúcháin	22
Tacaíocht d'Iarratasóirí	23
Nasc chuig an suíomh gréasáin um Léiriú Suime.....	23
Nasc chuig Ceisteanna Coitianta	23
Sonraí teagmhála an Deasc Chabhrach	23

Réamhrá

Is é is aidhm don ghlaó ar Léiriú Suime ná páirtithe leasmhara ábhartha a bhfuil suim acu leas a bhaint as an gcúnamh teicniúil a thairgtear tríd an scéim tacaíochta seo a chur ar an eolas agus cuireadh a thabhairt dóibh. Ach iad a bheith rannpháirteach cuirfeadh le cuspóirí agus spriocanna foriomlána an Mhisin um Aigéan agus Uiscí. Mar sin, cuireann ár gcur chuige béim láidir ar an bhfaisnéis ábhartha go léir a sholáthar do pháirtithe leasmhara ionas gur féidir leo cinneadh eolach a dhéanamh faoina rannpháirtíocht agus faoina n-incháilitheacht ionchasach chomh maith le treoir a thabhairt dóibh maidir le hiarratas rathúil a chur isteach.

Tar éis an réamhrá seo, pléann an Glaó ar Léiriú Suime na nithe seo a leanas:

- **Caibidil 2:** Tugtar faisnéis chúlra ar an Misean um “Ár nAigéan agus ár nUiscí a Athchóiriú”.
- **Caibidil 3:** Cuirtear in iúl na spriocphobail atá incháilithe do chúnamh.
- **Caibidil 4:** Sainítear cuspóirí agus seirbhísí an chúnamh theicniúil.
- **Caibidil 5:** Leagtar amach an t-amlíne maidir le hiarratais a chur isteach agus cur i bhfeidhm.
- **Caibidil 6:** Sonraítear na critéir incháilitheachta.
- **Caibidil 7:** pléitear an nós imeachta maidir le hiarratais a dhéanamh.
- **Caibidil 8:** Soláthraítear faisnéis ar an tacaíocht atá ar fáil d’iarratasóirí.

Cad é an Misean um “Ár nAigéan & ár nUiscí a Athchóiriú”?

An cás mar atá: ár n-aigéan & ár n-uiscí

Tá ról ríthábhachtach ag éiceachórais mhuirí agus fhionnuisce i gcothú na beatha ar domhan agus i cobhsaíocht na haeráide a neartú. Le fiche bliain anuas, tá iarracht déanta ag an AE éiceachórais mhuirí a chosaint agus a athchóiriú trí ghealltanais pholaitiúla agus tionscnaimh bheartais. I gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, tá an AE ag cur lena uaimhian an ‘hidrisféar’ a athbhunú trí ghníomhaíochtaí atá dírithe ar úsáid éifeachtach acmhainní a chur chun feidhme, truailliú a laghdú, chomh maith le bithéagsúlacht a chosaint agus a athchóiriú.

An Misean um ár nAigéan agus ár nUiscí a Athchóiriú

Cuspóirí, spriocanna & cumasóirí an mhisin

Mar fhreagra ar na dúshláin eiseacha a bhaineann le díghrádú na n-éiceachóras uisce, soláthraíonn Misean an AE um ‘Ár nAigéan agus ár nUiscí a Athchóiriú faoi 2030’ cur chuige sistéamach maidir le haigéin, farraigí agus uiscí na hEorpa a chosaint agus a athchóiriú faoi 2030. Tá sé mar aidhm ag an Misean folláine na n-aigéan a athbhunú go cuimsitheach trí chur chuige córasach a dhíríonn ar **thrí chuspóir**:

- **Éiceachórais agus bithéagsúlacht** mhuirí agus fhionnuisce a chosaint agus a athchóiriú;
- **Truailliú** aigéin, farraige agus uisce a chosc agus deireadh a chur leis; agus
- Geilleagar gorm inbhuanaithe atá neodrach ó thaobh carbóin de a chinntiú.

Áirítear leis an gcéad chuspóir 30% de limistéar Farraige an AE, ar a laghad, a chosaint agus conairí éiceolaíocha a chomhtháthú, 10% de limistéir farraige an AE a chosaint go docht, 25,000 km d’aibhneacha saorshreafa a athchóiriú, agus cur le spriocanna athchóirithe dúlra atá le teacht, lena n-áirítear gnáthóga díghrádaithe ghrinneall na farraige agus éiceachórais chósta.

Díríonn an dara cuspóir ar bhruscar plaisteach mara a laghdú 50%, ar mhicreaphlaistigh a scaoiltear a laghdú 30%, agus ar chailteanais cothaitheach, ar úsáid agus ar na rioscaí a bhaineann le loitnaidicídí ceimiceacha a laghdú 50%.

Féachann an tríú cuspóir le deireadh a chur le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a thagann ó ghníomhaíochtaí a bhaineann le cúrsaí muirí agus le hiniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le haon astaíochtaí dosheachanta a leithlisiú.

Chun na cuspóirí seo a bhaint amach, tá **dhá chumasóir trasghearrtha** curtha i bhfeidhm ag an Misean a dhíríonn ar thacú leo:

- córais faisnéise dhigiteacha aigéin agus uisce; agus

- gníomhartha slógtha agus rannpháirtíochta poiblí.

Cairt an Mhisin

Is glaó neamhcheangailteach í an Chairt ar pháirtithe leasmhara gealltanais a thabhairt i gcomhpháirt maidir le cuspóirí a fhéachann lenár n-aigéin, lenár bhfarraigí agus lenár n-uiscí a chosaint agus a athchóiriú agus le hiarrachtaí a ailíniú chun tairseach chriticiúil ar an leibhéal áitiúil a bhaint amach, rud a bhfuil géarghá leis. Le creat simplithe, cuimsitheach agus spreagúil a chothaíonn comhar, a roinneann acmhainní agus a fhorbraíonn gníomhaíochtaí comhchoiteanna, is féidir le gníomhaithe poiblí agus príobháideacha cloí léi trí chineálacha éagsúla gníomhaíochtaí a chur isteach:

- Taighde agus nuálaíocht;
- Eolas agus sonraí atá bunaithe ar fhianaise agus/nó forálacha rochtana ar fhaisnéis agus ar shonraí, i gcomhréir le prionsabail FAIR do Chóras Eolais an Mhisin um Aigéan agus Uisce;
- Réitigh a mhéadú, a chur chun feidhme agus a mhacasamhlú;
- Rannpháirtíocht na saoránach, eolaíocht na saoránach, tionscnaimh faoi stiúir na hóige, pobail chleachtais, litearthacht aigéin agus uisce, for-rochtain, múscailt feasachta agus cineálacha cur chuige rannpháirteacha;
- Oideachas agus oiliúint

Go dtí seo, glacadh le **493 gníomh geallta agus buiséad iomlán de EUR 4.50 billiún ann.**¹

Tithe solais an mhisin

Tá ceithre **'theach solais'** sainithe ag an Misean ar suíomhanna iad inar féidir réitigh nuálacha a thástáil, a imscaradh, a fhorbairt agus a mhéadú i ngach imchuach farraige agus abhantrach: an cósta Atlantach/Artach, an Mhuir Bhailt agus an Mhuir Thuaidh, an Mheánmhuir, agus imchuach na Danóibe.

Déanann an tionscnamh **Páirceanna Gorma Muirí** iarracht freisin tástáil a chur chun cinn agus réitigh fhíolótacha nua a threorú chun limistéir mhuirí faoi chosaint a leathnú agus a fheabhsú.

Aidhm agus cuspóirí an ghlaó seo

Déanann an Glaó ar Léiriú Suime teagmháil ghníomhach le pobail roghnaithe gníomhaithe (i.e. calafoirt, oileáin, iascaigh) atá ag lorg cúnamh teicniúil dá dtionscadail, anuas ar eolas a thabhairt dóibh agus fáilte a chur roimh iarratais uathu chun cúnamh a iarraidh a chabhróidh le cuspóirí agus le spriocanna sonracha an Mhisin um "Ár nAigéan agus ár nUisce a Athchóiriú" a bhaint amach.

Éascaíonn an próiseas seo roghnú gníomhaíochtaí a ailíníonn go hiomlán leis an Misean um Aigéan agus Uisce agus ar féidir leo éiceachórais mhuirí a chosaint agus a athchóiriú. Soláthróidh grúpa de shaineolaithe teicniúla an cúnamh teicniúil le tacaíocht ó CINEA agus ó Rúnaíocht an Mhisin.

¹ Amhail Eanáir 2024

Cé hiad na spriocphobail atá incháilithe do chúnamh teicniúil?

Calafóirt

Sainiú ar spriocphobail incháilithe

Roghnaítear na spriocphobail bunaithe ar an sainmhíniú ar “Chalafort”: limistéar talún agus uisce, áit a bhfuil bonneagar agus trealamh a éascaíonn, go príomha, glacadh soithí uisce-iompartha, a luchtú agus a ndíluchtú, stóráil earraí, fáil agus seachadadh na n-earraí sin agus bordáil agus díbhordáil paisinéirí, criú agus daoine eile agus aon bhonneagar eile is gá d’oibreoirí iompair laistigh de limistéar an chalafoirt.

Cineálacha gníomhaithe incháilithe

Tá iarratais faoin gcatagóir seo oscailte dóibh siúd a leanas:

- Údaráis áitiúla/réigiúnacha agus/nó comhlachtaí comhchosúla (e.g. réigiúin mar eintitis dhlíthiúla, chomh maith le haon chomhlachtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann údaráis réigiúnacha, amhail gníomhaireachtaí réigiúnacha, comhlachtaí pleanála réigiúnacha, údaráis réigiúnacha iompair, etc.).
- Údaráis chalafoirt;
- ENRanna nó eintitis choibhéiseacha atá i mbun gníomhaíochtaí forbartha calafoirt; agus
- Cumainn ghairmiúla atá bunaithe go háitiúil nó i mbun gníomhaíochtaí forbartha áitiúla.

Samplaí de smaointe tionscadail

Anseo thíos tá liosta neamh-uileghabhálach, bunaithe ar chuspóirí an Mhisin, de smaointe tionscadail féideartha a bhaineann le poirt. Tabhair faoi deara gur ceapadh an rannán seo le tionscadail ionchasacha a chur i láthair chun iarratasóirí amach anseo a spreagadh. Ní léiriú sriantach é. Gach tionscadal a chuirtear isteach agus a chomhlíonann na riachtanais a chuirtear i láthair sa Léiriú Suime seo, déanfar é a mheas.

- Cur i bhfeidhm an gheilleagair chiorclaigh i ngníomhaíochtaí calafoirt (cóireáil dramhaíola – athúsáid) le haghaidh soláthar calafoirt
- Réitigh a fhorbairt a thacaíonn le hathléimneacht an chósta, go háirithe maidir le meán-ardú ar leibhéal na farraige nó imeachtaí foircneacha
- Forbairt ar an meascán fuinnimh i gcalafoirt le réitigh astaíochtaí ísle carbóin (cumhacht in-athnuaite nó ghlas)
- Réitigh a fhorbairt/a chur i bhfeidhm chun astaíochtaí ísle carbóin agus/nó truailleán (NOx/SOx) a chinntiú (i.e. leictriú)
- Bainistíocht Dramhaíola (Bruscar muirí agus talún a laghdú)
- Athnádúrú (Laghdú ar chríos an chósta a dhéanamh saorga)

- Réitigh dhúlrbhunaithe a chur i bhfeidhm i dtimpeallacht agus i limistéir calafort
- Limistéir faoi chosaint a shocrú nó gníomhartha athchóirithe a dhéanamh i dtimpeallacht agus/nó i limistéir calafort
- Monatóireacht timpeallachta a dhéanamh ar thimpeallacht agus ar limistéir calafort chun tionchair ghníomhaíochtaí calafort a laghdú, agus aird ar an gcur chuige carnach
- Slabhra na lóistíochta a dhíchárbónú idir an loingseoireacht agus an chúlchríoch

Iascaigh

Sainiú ar spriocphobail incháilithe

Is iad na spriocphobail ná pobail iascaigh, Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta Iascaigh, a bhfuil cur síos orthu sna straitéisí um Fhorbairt Áitiúil faoi Threoir an Phobail, soithí iascaireachta, do Bharshaothrú. táirgeoirí: bailíonn pobal iascaigh (pobal cósta) gníomhaithe AE a oibríonn i limistéar gar don fharrage, d'aibhneacha nó in áit a bhfuil oibríochtaí iascaireachta (idir na cinn is traidisiúnta agus cinn níos tionsclaíche, le fearas agus soithí éagsúla) agus/nó do Bharshaothrú ina mhórchuid de gníomhaíochtaí an cheantair agus tugann sé le chéile páirtithe leasmhara a bhfuil dlúthcheangail acu leis an muirthimpeallacht.

I gcomhthéacs an ghlaos ar léirithe suime, áirítear sa spriocghrúpa sin pobail i limistéir iascaireachta nó do Bharshaothraithe a bhaineann leas agus tairbhe as na deiseanna a chuireann an geilleagar gorm inbhuanaithe ar fáil.

Cineálacha gníomhaithe incháilithe

Tá iarratais faoin gcatagóir seo oscailte dóibh siúd a leanas:

- Údarais áitiúla/réigiúnacha agus/nó comhlachtaí comhchosúla (e.g. réigiún mar eintitis dhlíthiúla, chomh maith le haon chomhlachtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann údarais réigiúnacha, amhail gníomhaireachtaí réigiúnacha, comhlachtaí pleanála réigiúnacha, údarais réigiúnacha iompair, etc.).
- ENRanna nó eintitis choibhéiseacha atá gníomhach i bpobail iascaigh, Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla mar a chuirtear síos orthu sna straitéisí um Fhorbairt Áitiúil faoi stiúir an Chomhphobail, soithí iascaireachta agus taighde;
- Cumainn ghairmiúla atá lonnaithe go háitiúil nó a thugann faoi ghníomhaíochtaí forbartha áitiúla sa réigiún;
- Iascairí (tráchtáil nó cothaitheach), úinéirí soithí iascaireachta, oibreoirí agus criú, próiseálaithe éisc a bhfuil baint acu le próiseáil agus leasú éisc lena ndáileadh agus lena ndíol agus trádálaithe a ghníomhaíonn mar idirghabhálaithe idir iascairí agus tomhaltóirí, ach táirgeoirí do Bharshaothraithe freisin;
- Soithí taighde agus soithí iascaireachta agus do Bharshaothraithe, lena n-áirítear slua-shampláil a dhéanann báid bheaga chun sonraí aigéin agus uiscí a bhailiú a chuireann le heolas digiteach ar an aigéan agus ar uiscí agus le Digital Twin of the Ocean; agus

- Caomhnóirí muirí, taighdeoirí agus eolaithe a oibríonn chun éiceachórais mhuirí agus daonraí éisc a chaomhnú, agus a dhéanann staidéar chun inbhuanaitheacht acmhainní iascaigh a fheabhsú ach freisin gníomhaireachtaí rialtais agus ENRanna a bhfuil baint acu le ceapadh beartais, le rialáil agus le tacaíocht a sholáthar do phobail iascaigh maidir le cleachtais inbhuanaithe.

Samplaí de smaointe tionscadail

Thíos tá liosta neamh-uileghabhálach, bunaithe ar chuspóirí an Mhisin, de smaointe tionscadail féideartha a bhaineann le hiascaigh. Tabhair faoi deara gur ceapadh an rannán seo le tionscadail ionchasacha a chur i láthair chun iarratasóirí amach anseo a spreagadh. Ní léiriú sriantach é. Gach tionscadal a chuirtear isteach agus a chomhlíonann na riachtanais a chuirtear i láthair sa Léiriú Suime seo, déanfar é a mheas.

- Forbairt ar bhainistíocht spásúlachta agus ama, arna stiúradh ag páirtithe leasmhara, ar ghníomhaíochtaí iascaigh a chosnaíonn éiceachórais mhuirí agus fhionnuisce agus bithéagsúlacht ar an leibhéal áitiúil
- Iascaigh roghnach ísiltionchair a chur chun cinn atá ag teacht le tionscnaimh athchóirithe an dúlra mhuirí
- Dobharshaothrú íseal trófach agus iltrófach comhtháite a chur chun cinn
- Astaíochtaí carbóin ó oibríochtaí iascaigh agus dobharshaothraithe a laghdú
- Úsáid agus cailteanas plaisteach in oibríochtaí iascaigh agus dobharshaothraithe a laghdú. (An bruscar muirí a bhrath agus a mhapáil agus úsáid á baint as UAS agus modhanna meaisínfhoghlama ar aon chun cinnteoireacht na bpáirtithe leasmhara, bunaithe ar dhlús bruscair, a éascú)
- Tionscnaimh eolaíochta saoránach a fhorbairt a bhaileoidh sonraí eolaíochta is féidir tacú le bainistíocht iascaigh agus le caomhnú muirí bunaithe ar fhianaise
- Réitigh dhigitithe nuálacha chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar cháilíocht bia chun tacú le slabhra soláthair fuar éisc
- Táirgí nuálacha bia mara a fhorbairt a chuireann chun cinn ídiú ábhar éisc a ligtear i ndearmad, i dtreo “díothú dramhaíola” le cur chuige measúil i leith na bithéagsúlachta
- Teicneolaíochtaí nuálacha (i.e. róbataic) chun táirgiúlacht, cáilíocht a fheabhsú agus chun monatóireacht a dhéanamh ar speicis agus ar dhramhaíl, i bhfianaise phróiseas an gheilleagair chiorclaigh

Oileáin

Sainiú ar spriocphobail incháilithe

Tá na spriocphobail bunaithe ar an sainmhíniú ar “Oileáin”: cuirtear tíopeolaíocht na n-oileán i bhfeidhm ag leibhéal na réigiúin. Sainítear réigiúin oileán mar réigiúin NUTS leibhéal 3 laistigh den Aontas Eorpach arb é oileán amháin nó níos mó an t-iomlán de. Is é atá i bpopal “Oileán” ná pobal a chónaíonn ar chríocha ar a bhfuil:

- dromchla íosta de 1 km²;
- achar íosta de 1 km idir an t-oileán agus an mhórthír;
- daonra cónaitheach de níos mó ná 50 áitritheoir; agus
- gan aon nasc seasta (mar shampla, droichead, tollán, nó claí) idir an t-oileán nó na hoileáin agus an mhórthír.

Cineálacha gníomhaithe incháilithe

Faoin nglao, tá iarratais faoin gcatagóir seo oscailte dóibh siúd a leanas:

- Údaráis áitiúla/réigiúnacha agus/nó comhlachtaí comhchosúla (e.g. réigiúin mar eintitis dhlíthiúla, chomh maith le haon chomhlachtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann údarás réigiúnach, amhail gníomhaireachtaí réigiúnacha, comhlachtaí pleanála réigiúnacha, údaráis réigiúnacha iompair, etc.).
- ENRanna nó eintitis choibhéiseacha atá i mbun gníomhaíochtaí forbartha áitiúla; agus
- cumainn ghairmiúla atá bunaithe ar an oileán atá i gceist nó atá i mbun gníomhaíochtaí forbartha áitiúla ar an oileán.

Samplaí de smaointe tionscadail

Thíos tá liosta neamh-uileghabhálach, bunaithe ar chuspóirí an Mhisin, de smaointe tionscadail féideartha a bhaineann le hoileáin. Tabhair faoi deara gur ceapadh an rannán seo le tionscadail ionchasacha a chur i láthair chun iarratasóirí amach anseo a spreagadh. Ní léiriú sriantach é. Gach tionscadal a chuirtear isteach agus a chomhlíonann na riachtanais a chuirtear i láthair sa Léiriú Suime seo, déanfar é a mheas.

- Forbairt ar Phleanáil Spásúil Mhuirí agus pleanáil talún gan uaim nó pleanáil straitéiseach inbhuanaithe
- Réitigh saor ó charbón a chur i bhfeidhm chun a spleáchas ar allmhairí domhanda a laghdú seachas i gcás críocha ísealcharbóin
 - Táirgeadh fuinnimh in-athnuaite ar an oileán le haghaidh neamhspleáchas fuinnimh
 - Iompar poiblí ísealcharbóin/saor ó charbóin a fhorbairt ar talamh nó ar muir
- Réitigh a fhorbairt chun athléimneacht an chósta a fhorbairt maidir le himeachtaí foircneacha agus meán-ardú ar leibhéal na farraige
- Táirgeadh uisce inbhuanaithe (díshalannú)
- Forbairt geilleagair chiorclaigh (cóireáil agus laghdú dramhaíola)
- Limistéir mhuirí nó chósta faoi chosaint a fhorbairt nó feabhas a chur ar éifeachtúlacht na limistéar faoi chosaint atá ann cheana i dtreo limistéir lánchosanta
- Gníomhaíochtaí athchóirithe maidir le gnáthóga cósta agus muirí.

Cad atá á thairiscint?

Cuspóirí an Chúnamh Theicniúil

Is é cuspóir an chúnamh theicniúil tacú le hiarratasóirí roghnaithe a ngníomhaíochtaí a fhorbairt agus a neartú chun cur le ceann amháin nó níos mó de na spriocanna atá ag an Mísean um Aigéan agus Uiscí.

Oirfidh an cúnamh teicniúil do riachtanais, d'acmhainneacht agus do leasanna na n-iarratasóirí. Soláthrófar **tacaíocht shaincheaptha** do thionscadail na n-iarratasóirí ar phríomhghnéithe amhail **indéantacht rialála, theicniúil, eacnamaíoch, oibríochtúil, timpeallachta, agus tráchtála**. Tabhair faoi deara nach dtairgfear aon tacaíocht airgeadais mar chuid den tacaíocht chúnamh theicniúil seo.

Soláthrófar leis na staidéir indéantachta measúnú ar **inmharthanacht fhoriomlán na dtionscadal**, lena saineofar rioscaí, deiseanna, agus an dóchúlacht go n-éireoidh leo. Déanfar anailís orthu lena mheas an bhfuil na tionscadail atá beartaithe inchosanta agus indéanta ó thaobh dlí de agus ar bhonn teicniúil, airgeadais, eacnamaíoch, oibríochta, timpeallachta agus tráchtála. Tabharfaidh na staidéir moltaí freisin maidir le conas **indéantacht a fheabhsú** maidir le gníomhaíochtaí roghnaithe.

Buntáistí an chúnamh theicniúil

Is **clár oiliúna eisiach é an cúnamh teicniúil atá bunaithe ar thionchar** do shínitheoirí roghnaithe Chairt Mísean an AE um Aigéan agus Uiscí, arb é tacaíocht shaineolach a dhéanann anailís ar gach tionscadal lena fheabhsú. Déanfar an cúnamh teicniúil a **shaincheapadh d'aibíocht agus do chuspóirí gach tionscadail** agus tacóidh sé le spriocanna roghnaithe an Mhisin a bhaint amach.

Go praiticiúil, soláthróidh an cúnamh teicniúil **eolas agus treoir shaineolach** duit a bheidh ag teacht le scileanna agus le hinniúlachtaí d'fhoirne tionscadail, i bhfoirm **anailíse, comhairle straitéiseach agus tacaíocht phraiticiúil** i leith gnéithe éagsúla tionscadail.

Tríd an gcúnamh teicniúil, gheobhaidh tairbhíthe roghnaithe tuiscint níos soiléire ar indéantacht an tionscadail agus/nó ar na riachtanais chun an tionscadal a mhéadú agus a fhorbairt tuilleadh. I measc na mbuntáistí atá le baint as tá:

- Feabhsú ar fhócas na foirne tionscadail
- Deiseanna nua a shainnithint
- Faisnéis luachmhar a fháil maidir le cinntí “déan/ná déan”.
- Tosaíocht fheabhsaithe do roghanna gnó
- Neartú na réasúnaíochta chun tabhairt faoi thionscadal

Seirbhísí atá le cur ar fáil

Forbraíodh sraith de 10 bpacáiste cúnamh theicniúil. Baineann gach ceann acu le gné indéantachta agus clúdaíonn raon samplach de ghníomhaíochtaí tacaíochta. Seachadfar pacáistí cúnamh theicniúil trí ghlaonna rialta agus trí chruinnithe ar an láthair (is féidir tuilleadh faisnéise a fháil sa rannán [Plean chun cúnamh teicniúil a chur chun feidhme](#)).

Tá sé mar aidhm ag na pacáistí seo tuiscint shoiléir a thabhairt d'iarratasóirí ar a bhfuil á thairiscint mar chuid den chúnamh teicniúil agus conas a thagann sé lena sainriachtanais, chun cabhrú leo a Léiriú Suime a ullmhú go héifeachtach.

Tá sé tábhachtach a thabhairt chun suntais, cé go bhfeidhmeoidh an creat seo mar threoir tosaigh d'iarratasóirí, go mbeidh an tseirbhís in oiriúint do riachtanais an tionscadail le linn chéimeanna forbartha an phlean um measúnú iarratais agus cúnamh teicniúil. Dá réir sin, léireofar sa phlean cúnamh theicniúil na dúshláin a dtabharfar aghaidh orthu, na gníomhaíochtaí atá beartaithe, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus na PTFanna intomhaiste do gach pacáiste cúnamh atá ailínithe leis an gcreat foriomlán ach a bhaineann go sonrach le bunriachtanais na dtionscadal roghnaithe.

Mar iarratasóir, féadfaidh tú suas le 3 phacáiste a roghnú a mheasann tú is ábhartha do do thionscadal.

Beidh tú in ann rogha "Eile" a roghnú freisin, chun réimsí tacaíochta breise a chur in iúl a mheasann tú a bheith ábhartha ach nach bhfuil clúdaithe sna pacáistí cúnamh atá beartaithe.

Tugann an tábla thíos forbhreathnú ar na pacáistí cúnamh atá beartaithe, mar aon leis an ngné indéantachta a mbaineann siad leo agus cur síos tascach ar ghníomhaíochtaí.

Tábla 1 Liosta de na pacáistí cúnamh theicniúil atá beartaithe

Ainm an phacáiste cúnamh	Gné indéantachta	Cur síos tascach ar ghníomhaíochtaí
Anailís indéantachta maidir le táirge, seirbhís, agus teicneolaíocht	Teicniúil	<ul style="list-style-type: none">• Teicneolaíocht nó seirbhís a shainiú• Measúnú TRL & uasghrádú réitigh• Anailís ar riachtanais theicniúla• Anailís ar acmhainní teicniúla i gcomparáid le cumas• Tagarmharcáil le piaraí• Measúnú ar mhacasamhlú agus inscálaitheacht fhéideartha táirge, seirbhíse nó teicneolaíochta
Tráchtálú	Tráchtáil	<ul style="list-style-type: none">• Taighde agus anailís mhargaidh, lena n-áirítear léargais ar dheiseanna, éileamh agus iomaíocht sa mhargadh• Meas ar an margadh iomlán inrochtana• Aimsiú agus mionleasú maidir le hoiriúnacht táirge don mhargadh• Anailís ar rannpháirtíocht úsáideoirí/páirtithe leasmhara• Cuardach comhpháirtíochta• Straitéisí tacaíochta tionscadail a shainiú

Ainm an phacáiste cúnaimh	Gné indéantachta	Cur síos tásach ar ghníomhaíochtaí
Indéantacht ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta de agus ullmhacht d'infheistíocht	Eacnamaíoch/ Airgeadas	<ul style="list-style-type: none"> • An cás gnó a ríomh • Forbairt nó meastóireacht ar shamhail ghnó (dícheall cuí), lena n-áirítear meastachán ar phríomhtháscairí airgeadais amhail caiteachas caipitiúil, caiteachas oibriúcháin, ioncaim, TAI, glanluach láithreach, etc. • Anailís costais is tairbhe • Measúnú ar rioscaí eacnamaíocha agus airgeadais • Coincheap infheistíochta a fhorbairt
Rochtain ar mhaoiniú agus tionsú airgid	Eacnamaíoch/ Airgeadas	<ul style="list-style-type: none"> • Straitéis tiomsaithe airgid (deontais, cothromas, fiacha) a shainiú • Plean gnó agus airgeadais a bharrfheabhsú • Tionscadal a ullmhú chun riachtanais infheisteoirí a chomhlíonadh • Infheisteoirí oiriúnacha a shainaithint agus idirchaidreamh a dhéanamh • Forléargas & ullmhú doiciméadachta • Ullmhúchán le haghaidh cur i láthair agus idirbheartaíocht le hinfeisteoirí • Anailís ar rioscaí, dúshlán agus laigí maidir le tograí infheistíochta
Acmhainneacht oibríochtaí agus cur chun feidhme a fheabhsú	Oibríochtúil	<p>Gné inmheánach:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Bainistíocht tionscadail, lena n-áirítear tacaíocht do PTFanna a leagan síos chun cur i bhfeidhm rathúil tionscadail a rianú • Sármhaitheas oibríochta • Dearadh eagraíochta agus lucht oibre • Pleananna cur chun feidhme a fhorbairt • Cás-staidéir a fhorbairt • Tagarmharcáil le piaraí agus clár meantóireachta agus idirbheartaíocht idir piaraí a bhunú • Bainistíocht rioscaí oibriúcháin <p>Gné sheachtrach:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Slabhra soláthair agus lóistíocht a fheabhsú • Seachfhoinisíú mar shócmhainn straitéiseach
Uas-scálú agus idirnáisiúnú	Oibriúchán/ Tráchtáil	<ul style="list-style-type: none"> • Plean chun táirge, seirbhís nó teicneolaíocht a uas-scálú • Ullmhacht idirnáisiúnaithe • Spriocmhargaí agus deiseanna gnó a mheasúnú agus a chur in ord tosaíochta

Ainm an phacáiste cúnamh	Gné indéantachta	Cur síos tásach ar ghníomhaíochtaí
		<ul style="list-style-type: none"> • Anailís ar rialacháin agus ar bheartais onnmhairithe • Cliant agus gcomhpháirtithe ábhartha sna spriocmhargaí a shainaithint
Comhairle rialála	Rialáil	<ul style="list-style-type: none"> • Anailís ar chreataí rialála is infheidhme chun na réitigh atá beartaithe a chur chun feidhme • Anailís ar chaighdeáin agus ar chórais infheidhme, lena n-áirítear samplaí de dhea-chleachtas
Comhairle maidir le Maoin Intleachtúil	Tráchtáil	<ul style="list-style-type: none"> • Maoin Intleachtúil a chosaint: paitinn, cóipchearta, dearaí a chlárú, trádmarcanna, lógónna, ainmneacha fearainn • Anailís ar thírdhreach na maoin intleachtúla agus é a thuiscint, agus straitéisí ábhartha maidir le maoin intleachtúil a shainiú
Margaíocht agus cumarsáid	Tráchtáil	<ul style="list-style-type: none"> • Straitéis mhargaíochta agus chumarsáide agus pleanáil gníomhaíochta • Tairiscint luacha a shainiú agus a mhionleasú • Gné uathúil dhíolacháin a shainiú • Cur i láthair tionscadail & díolacháin a ullmhú • Anailís agus tuiscint ar thuras/próifíl/timthriall díolacháin an cheannaitheora
Measúnú timpeallachta agus tionchair	Timpeallacht	<ul style="list-style-type: none"> • Cur chuige modheolaíoch a chur i bhfeidhm chun tionchar timpeallachta a thomhas agus a rianú • Táscairí bonnlíne agus dul chun cinn i bpríomhghnéithe amhail astuithe GCT, laghdú dramhaíola, etc., a shainiú, bunaithe ar spriocanna roghnaithe ón Mhisean um Aigéan agus Uisce • Oiliúint ar thacsanomaíocht an AE, ar an timpeallacht agus ar thuairisciú tionchair

Cad é an amlíne?

Amlíne iarratais

Eagrófar an próiseas iarratais ar an nGlaó ar Léiriú Suime in dhá thimthriall ar leith ó:

- Timthriall 1: ón 22 Márta 2024 go dtí an 24 Bealtaine 2024 ag 23:59 CEST
- Timthriall 2: ó Mheán Fómhair/Deireadh Fómhair 2024 go Samhain/Nollaig 2024 (dátaí cruinne le deimhniú)

Maidir le Timthriall 2, beidh deis ag iarrthóirí nár éirigh leo i dTimthriall 1 an t-iarratas a chur isteach arís in éineacht leis na hiarratasóirí nua.

Go sonrach, is iad seo a leanas **na dátaí tábhachtacha do Thimthriall 1**:


- Foilsiú an Ghlaó ar Léiriú Suime: 22 Márta 2024
- Spriocdháta le haghaidh Léiriú Suime a chur isteach: 24 Bealtaine 2024 ag 23:59 CEST
- Roghnófar na hiarratasóirí rathúla agus cuirfear in iúl dóibh: deireadh mhí an Mheithimh 2024 (*dáta cruinn le deimhniú*). Tá tuilleadh faisnéise ar na critéir roghnúcháin le fáil sa rannán “[Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?](#)”.

Plean chun cúnamh teicniúil a chur chun feidhme

Leis an bplean atá beartaithe do chur chun feidhme an chúnamh theicniúil is féidir treoir a thabhairt d'iarratasóirí rathúla chun an pacáiste cúnamh theicniúil is fearr atá ar fáil a fháil dá dtionscadail agus ag an am céanna cur le torthaí agus le tionchair a chuidíonn le cuspóirí agus spriocanna an Mhisin a bhaint amach.

Léiríonn an fhíor thíos príomhchéimeanna an phróisis um chúnamh teicniúil tar éis roghnú deiridh agus cur in iúl d'iarratasóirí.

Fíor 1 Príomhchéimeanna agus amlíne do phróiseas seachadta an chúnamh theicniúil



Mar chéad chéim, oibreoidh foireann Tacaíochta an Mhisin um Aigéan ar shlógadh na foirne tacaíochta um chúnamh teicniúil agus forbróidh sí dréachtphlean cúnamh theicniúil do gach iarratasóir, bunaithe ar na dúshláin a sainathníodh agus ar an anailís riachtanas a rinneadh ag an gcéim mheastóireachta. Sonróidh an plean cúnamh theicniúil na dúshláin a sainathníodh, na

gníomhaíochtaí atá beartaithe, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus na PTFanna intomhaiste chun seachadadh an chúnamh theicniúil a threorú.

Anuas air sin, roinnfear an dréachtphlean cúnaimh theicniúil leis na hiarratasóirí rathúla, mar aon le haon iarrataí ar shoiléiriú agus cuireadh chuig **cruinniú croitheadh láimhe**. Eagrófar an cruinniú Croitheadh Láimhe mar imeacht ar líne **laistigh de 10 lá oibre** ón dáta a chuirfear in iúl don iarratasóir gur roghnaíodh é. Le linn na tréimhse sin, deimhneoidh iarratasóirí gur mhaith leo a bheith páirteach agus féadfaidh siad soiléiriú a iarraidh ar an bpróiseas agus/nó ar na seirbhísí.

Is é an cruinniú Croitheadh Láimhe tús foirmiúil na ngníomhaíochtaí cúnaimh theicniúil agus beidh sé mar aidhm leis an dréachtphlean cúnaimh theicniúil a ailíniú le staid reatha thionscadail an iarratasóra (raon feidhme, uainiú, infhaighteacht sonraí, infhaighteacht acmhainní, etc.) agus le fáil ar an iarratasóir, agus aontófar ar raon feidhme sonracha na tacaíochta. Go sonracha, éascóidh sé:

- Deis don fhoireann Cúnaimh Theicniúil agus don iarratasóir rathúil aithne a chur ar a chéile
- An dréacht-Phlean Cúnaimh Theicniúil agus an pacáiste de sheirbhísí saincheaptha a sainathnóidh roimh réidh bunaithe ar an iarratas a thabhairt don iarratasóir rathúil, chomh maith leis na téarmaí maidir le cúnamh teicniúil a sholáthar (e.g., an oibleagáid chun comhoibriú de mheon macánta leis an bhfoireann Cúnaimh Theicniúil; nó Tuarascáil Aiseolais um Chúnamh Teicniúil a chur le chéile agus a sheoladh chuig CINEA sé mhí tar éis deireadh teacht leis an gcúnamh teicniúil).
- Mionleasú de dhréacht den Phlean um Chúnamh Teicniúil, bunaithe ar an aiseolas a thug an t-iarratasóir, a thionscnamh, agus soiléiriú ann maidir le haon ghnéithe ábhartha, lena n-áirítear:
 - Sonraí a theastaíonn maidir le cúnamh teicniúil
 - Róil agus freagrachtaí faoi seach
 - Liosta de thascanna atá le déanamh
 - Amlíne do na tascanna, lena n-áirítear spriocdhátaí comhaontaithe
 - Sonraí/ionchur is gá don iarratasóir a chur ar fáil, mar aon le spriocdhátaí ina leith
 - Líon iomlán na laethanta cúnaimh theicniúil atá le soláthar
 - Rialacha rúndachta / RGCS (Caitear le haon smaointe thionscadail a chuirtear i láthair faoi rún i gcónaí agus ní roinntear iad le tríú páirtithe gan cead sainráite a fháil ón duine, nó ó na daoine, a chuireann i láthair iad).
 - Nós imeachta chun gearáin a chur isteach / aiseolas a thabhairt.
- Aontú ar na socruithe oibre do na chéad chéimeanna eile, ag tosú le cruinnithe, timpeallacht chomhroinnte ar líne, lóistíocht, agus módúlachtaí eile maidir le himscaradh iarbhír na seirbhísí cúnaimh theicniúil.

Bunaithe ar an bplé agus ar ionchur breise féideartha ó gheallsealbhóirí eile in éiceachóras an iarratasóra, déanfaidh an fhoireann um Chúnamh Teicniúil an plan tacaíochta a oiriúnú agus a mhionchoigeartú. Seolfar an plan mionleasaithe chuig an iarratasóir lena fhaomhadh agus lena shíniú, 10 lá tar éis an chruinnithe croitheadh láimhe ar a dhéanaí.

Nuair a bheidh an **Plean Cúnaimh Theicniúil sínithe**, cuirfear tús le seachadadh an chúnaimh theicniúil chomhaontaithe . Beifear ag súil go mairfidh seachadadh an chúnaimh theicniúil thart ar 5 mhí, agus súil le dáta deiridh don chéad timthriall de chúnaimh teicniúil i mí na Nollag 2024 . Le linn na tréimhse sin, eagrófar **cuairt ar an láthair** ar a laghad, chomh maith le glaonna rialta maidir le dul chun cinn.

Ag deireadh an chúnaimh theicniúil, gheobhaidh gach tairbhí **tuarascáil staidéir um indéantacht** arna táirgeadh ag an bhfoireann Cúnaimh Theicniúil a d'oibrigh ar a thionscadal sonrach. Freisin, cuimseofar in aguisín sa tuarascáil staidéir um indéantacht teimpléad don **Tuarascáil Aiseolais um Chúnaimh Teicniúil** a aontaíonn gach iarratasóir a sheoladh chuig CINEA laistigh de 6 mhí ó dheireadh sheachadadh an chúnaimh theicniúil. Ar deireadh, seolfaidh an fhoireann Cúnaimh Theicniúil **Litir um Chríochnú na hOibre** chuig gach tairbhí agus an cúnamh teicniúil tagtha chun deiridh.

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?

Critéir incháilitheachta

Féachtar leis an nGlaos ar Léiriú Suime le hiarratais a bhailiú ó phobail gníomhaithe ábhartha ar mian leo cur le cuspóirí an Mhisin ‘Ár nAigéin agus ár nUiscí a Athchóiriú faoi 2030’.² i gceann de imchuacha thithe solais Mhisean an AE (cóstá an Atlantaigh/Artach, an Mhuir Bhailt agus an Mhuir Thuaidh, an Mheánmhuir, agus imchuach na Danóibe)

Mar sin, chun bheith incháilithe, ní mór d’iarratasóir ó cheann de na trí spriocphobal na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- Tá eintitis dhlíthiúla aonair agus grúpaí d’eintitis incháilithe. Áirítear leis sin, ach gan bheith teoranta dóibh, na cineálacha eintiteas seo a leanas:
 - Údarás cathrach nó údarás áitiúil/réigiúnach
 - Údarás chalafoirt;
 - Deontóirí, pobail dhaonchairdiúla
 - Eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) nó eintitis choibhéiseacha a thugann faoi ghníomhaíochtaí forbartha áitiúla
 - Eagraíochtaí trádála, gnó, nó gairmiúla
 - Eintitis phríobháideacha (beag, meánmhéide / mór), gnólachtaí nuathionscanta, braislí luasairí
 - Institiúidí taighde
 - Eagraíochtaí seachbhrabúsacha (difriúil ó eagraíochtaí neamhrialtasacha)
 - Sainchomhairleachtaí
 - Nuálaithe
 - I measc gníomhaithe ábhartha eile
- Cuir isteach iarratas iomlán
- Ní mór d’iarratasóirí a bheith ó cheann de na trí spriocphobail, a luaitear sa chuid “Cé hiad na spriocphobail atá incháilithe do chúnamh teicniúil?” thuas
- Gníomh le titim amach laistigh d’imchuacha thithe solais an Mhisin (an Mheánmhuir, an tAtlantach, an Artach, an Danóib, agus an Mhuir Thuaidh & an Mhuir Bhailt) do gach catagóir.³
- Ní mór d’iarratasóirí gealltanais a thabhairt do na riachtanais seo a leanas, trí Dhearbhú Onóra:

²Cuireann na gníomhaíochtaí a sholáthrófar faoin nGlaos seo ar Léiriú Suime na seirbhísí atá á soláthar ag Ardán Forfheidhmithe Mhisean de chuid an AE chun cur le sineirgí féideartha a rachaidh chun tairbhe na rannpháirtithe.

³Is féidir príomhpháirtí na gníomhaíochta a bheith lasmuigh d’imchuacha thithe solais an Mhisin.

- Cloífead le Cairt an Mhisin⁴ faoi thús an chúnamh theicniúil, mura bhfuil sé amhlaidh cheana. Tabhair faoi deara: ní bheidh iarratasóirí nach gclóíonn le Cairt an Mhisin incháilithe.⁵
- Tuairisc Aiseolais um Chúnamh Teicniúil a chur isteach laistigh de 6 mhí tar éis an tseirbhís a fuarthas teacht chun deiridh. Cuirfead teimpléad ar fáil d'iarratasóirí rathúla.

Critéir eisiatacha

Eisiafar iarratasóirí ón glao ar Léiriú Suime ach ceann amháin nó níos mó de na cásanna seo a leanas a bheith ábhartha:

- Ní féidir ach aon iarratas amháin ar a mhéad a cheadú in aghaidh an iarratasóra/aonáin le haghaidh Timthriallta 1 agus 2.
- Ní féidir aon chostais d'aon ghníomhaíocht amháin a mhaoiniú faoi dhó ó bhuiséad an AE (ní cheadaítear maoiniú dúbailte).⁶

Conas iarratas a dhéanamh? Conas a roghnaítear iarratasóirí?

Conas an fhoirm iarratais a ullmhú agus a chur isteach

Ceithre phríomhchéim atá san aistear chuig d'iarratas deiridh a chomhlánú.

Céim 1: An bhfuil Tú Incháilithe?

Roimh thosú, cinntigh go bhfuil tú incháilithe de réir na gcritéir incháilitheachta agus eisiatachta mar atá leagtha amach sa Ghlaos ar Léiriú Suime seo. Féach ar na riachtanais incháilitheachta (lena n-áirítear cineál eintitis, suíomh, agus gealltanais trí Dhearbhú Onóra) agus na critéir eisiatachta chun a chinntiú go bhfuil do thionscadal incháilithe le cur isteach (féach an chuid “[Cé atá in](#) ann iarratas a dhéanamh?”).

Céim 2: D'iarratas a Ullmhú

- Bíodh tuiscint agat ar an Misean um ‘Ár nAigéan agus ár nUisce a Athchóiriú faoi 2030’: Cuir tú féin ar an eolas faoin Misean lena chinntiú go bhfuil do thionscadal ag teacht leis na príonsabail agus leis na cuspóirí atá ann.
- Bíodh tuiscint agat ar Chairt an Mhisin: Cuir tú féin ar an eolas faoi Chairt an Mhisin lena chinntiú go bhfuil do thionscadal ag teacht leis na príonsabail agus leis na cuspóirí atá ann.

⁴Is féidir iarratas a dhéanamh ar ghealltanais um Chairt an Mhisin anseo: <https://ec.europa.eu/eusurvey/runner/MissionOceanWatersCharter#page0>

⁵Má mheasann iarratasóirí go bhfuil gá leis, cuirfidh Rúnaíocht an Mhisin tacaíocht ar fáil go díreach chun an t-iarratas ar ghealltanais a chomhlánú. Le haghaidh tuilleadh faisnéise, seol aon cheisteann chuig helpdesk_mission_ocean_waters@technopolis-group.com

⁶Ní mór d'iarratasóirí sin a dheimhniú tríd an Dearbhú Onóra.

- Bailigh Faisnéis Riachtanach: Mar thús, bailigh an fhaisnéis agus na doiciméid a bhaineann le do thionscadal, amhail tuairiscí tionscadail, buiséid, sonraí foirne, agus aon doiciméid tacaíochta a leagann béim ar ailíniú do thionscadal le cuspóirí an Mhisin.
- Ullmhaigh an Dearbhú Onóra: Socraigh tú féin ionas go mbeidh tú réidh chun cloí le Cairt an Mhisin⁷ agus leis na ceanglais tuairiscithe a chomhlíonadh.
- Ceadaigh an t-alt “[Tacaíocht d’Iarratasóirí](#)” maidir le tacaíocht agus acmhainní d’iarratasóirí ar fhreagraí ar cheisteanna coitianta (CCanna) nó má tá aon cheisteanna sonracha agat nó má tá tuilleadh cúnaimh uait (Deasc Chabhrach).

Céim 3: Líon amach an Fhoirm Iarratais

- Faigh rochtain ar an bhFoirm ar Ardán Suirbhé an AE: Is féidir teacht ar an bhfoirm iarratais ar ardán Suirbhé an AE, a bhfuil nasc chuige le fáil ar shuíomh gréasáin Ardán Forfheidhmithe an Mhisin. Tá sé le fáil ar https://ec.europa.eu/eusurvey/runner/TechnicalAssistance_Communities_MissionOcean
- Comhlánaigh gach cuid den Fhoirm: Comhlánaigh gach cuid den fhoirm iarratais go cúramach. Bí gonta ach críochnúil i do chuid freagraí, agus cinntiú go dtugann tú faoi gach gné riachtanach. Is féidir an t-alt “[Forléargas ar an bhFoirm Iarratais](#)” a cheadú le haghaidh treoirínte maidir le conas gach rannán a líonadh isteach.
- Rogha chun Dréachtú As Líne: Ar mhaithe le héascaíocht, beidh an fhoirm iarratais ar fáil le híoslódáil mar dhoiciméad as líne freisin le ceisteanna teoracha ar shuíomh gréasáin Ardán Forfheidhmithe an Mhisin. Ligeann an rogha sin duit do fhreagraí a dhréachtú as líne, rud a éascódh athbhreithniú inmheánach agus comhoibriú laistigh de d’eagraíocht sula gcuirfidh tú an leagan comhlánaithe isteach ar líne. Tabhair faoi deara, tá an doiciméad as líne ar fáil chun críocha ullmhúcháin amháin; ní mór d’iarratas deiridh a chur isteach trí ardán Suirbhé an AE.

Roghanna Teanga: Is féidir iarratais a chur isteach in aon cheann de 24 teanga oifigiúil an AE. Mura bhfuil d’iarratas i mBéarla, moltar (ach níl sé riachtanach) achoimre ar an iarratas a chur i mBéarla i Rannán 7 den Fhoirm Iarratais .

Céim 4: Cuir d’Iarratas Isteach

- Athbhreithnigh d’iarratas: Sula gcuirtear isteach é, athbhreithnigh d’iarratas lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis go léir cruinn agus iomlán.
- Cuir isteach roimh an spriocdháta é: Ní mór iarratais a chur isteach roimh 23:59 CEST. Molaimid go gcuirfead iarratais isteach i bhfad roimh an spriocdháta chun aon fhadhbanna teicniúla féideartha a sheachaint ag an nóiméad deireanach. Ní dhéanfar measúnú ar iarratais déanacha.

⁷Is féidir iarratas a dhéanamh ar ghealltanas um Chairt an Mhisin anseo: <https://ec.europa.eu/eusurvey/runner/MissionOceanWatersCharter#page0>

- **Deimhniú:** Gheobhaidh tú ríomhphost deimhnithe i ndiaidh duit d'iarratas a chur isteach⁸. Coinnigh sin mar thaifead. Nóta: Mura bhfaigheann tú an ríomhphost deimhnithe, déan teagmháil linn láithreach ag: mission.ocean.studies@technopolis-group.com

Nótaí breise d'iarratasóirí:

- Cinntigh go bhfuil gach cuid comhlánaithe go hiomlán agus go gonta agat agus gur chloígh tú leis an teorainn focal agus na sonraí riachtanacha go léir á soláthar agat.
- Ceangail na doiciméid riachtanacha go léir agus aon doiciméadacht tionscadail ábhartha, mar a threoraítear san fhoirm iarratais.
- Tabhair aird ar leith ar an mbealach a n-ailíníonn do thionscadal le cuspóirí an Mhisin um Aigéan & Uiscí agus an chaoi a dtugann sé aghaidh ar dhúshláin aitheanta, agus cinntigh go gcuireann tú in iúl aon tionchar agus inscálaitheacht a d'fhéadfadh teacht le do thogra.

Tacaíocht agus Acmhainní

CCanna: Gheobhaidh tú freagraí ar cheisteanna coitianta ach cuairt a thabhairt ar an rannán Ceisteanna Coitianta ag <https://projects.research-and-innovation.ec.europa.eu/en/funding/funding-opportunities/funding-programmes-and-open-calls/horizon-europe/eu-missions-horizon-europe/restore-our-ocean-and-waters/technical-assistance-support-communities-actors-achieve-eu-mission-restore-our-ocean-and-waters#call-weblink>

Deasc Chabhrach: Má tá ceisteanna sonracha agat nó má tá cúnamh uait le d'iarratas, déan teagmháil leis an deasc chabhrach ag mission.ocean.studies@technopolis-group.com

Leagan amach na foirme iarratais agus na critéir roghnúcháin ábhartha

Forléargas ar an bhFoirm Iarratais

Tugann an chuid seo a leanas forléargas ar an bhfoirm iarratais, lena n-áirítear treoirlínte d'iarratasóirí ar conas í a chomhlánú.

https://ec.europa.eu/eusurvey/runner/TechnicalAssistance_Communities_MissionOcean

Tábla 2 Treoirlínte chun an Fhoirm Iarratais a chomhlánú

Rannán den Fhoirm Iarratais	Teorainn Focal (seachas spásanna)	Treoracha maidir le Conas an Fhoirm a Chomhlánú	Conas a dhéanfar an measúnú?
Rannán Tosaigh: Faisnéis	250	Cuir teideal do thionscadail ar fáil mar aon le faisnéis ghonta faoin	<ul style="list-style-type: none">• Incháilitheacht & eisiámh

⁸ Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin teachtaireacht deimhnithe a fháil, féach "Conas is féidir liom an teachtaireacht deimhnithe réamhshocraithe a shocrú?" ag https://bo-survey.berec.europa.eu/eusurvey/home/helpauthors#_Toc_1_0

Rannán den Fhoirm Iarratais	Teorainn Focal (seachas spásanna)	Treoracha maidir le Conas an Fhoirm a Chomhlánú	Conas a dhéanfar an measúnú?
Ghinearálta ar an Iarratasóir		bpríomheagraíocht, lena n-áirítear a hainm, a cineál agus a suíomh. Cuir in iúl an pobal gníomhaithe a bhaineann le do thionscadal agus roghnaigh do chlúdach imchuach/limistéar do thí solais. Má tá comhpháirtithe tionscadail agat, liostaigh anseo iad. Cuir do shonraí teagmhála ar fáil agus cuir tic leis na ticbhoscaí cuí faoi mar a bhaineann na critéir incháilitheachta leat.	
Rannán 1: Faisnéis faoin Tionscadal	2000	Déan cur síos ar do thionscadal, lena n-áirítear an cúlra, suíomh, na fadhbanna a bhfuil sé mar aidhm aige a shárú, cuspóirí, torthaí a bhfuiltear ag súil leo, réimse tionchair na seirbhísí a bheidh le soláthar, agus spriocthairbhíthe. Cuir in iúl amlíne an tionscadail agus sonraigh aon fhéidearthacht atá ann maidir le méadú nó macasamhlú.	<ul style="list-style-type: none"> • Cuspóirí tionscadail sainiúla, intomhaiste, inbhainte amach, ábhartha agus faoi theorainn ama
Rannán 2: Ailíniú le Cuspóirí an Mhisin um Aigéan agus tionchair agus sineirgí le tionscnaimh bheartais eile	600	Sonraigh an chaoi a n-ailíníonn do thionscadal le cuspóirí agus le spriocanna an Mhisin um Aigéan & Uiscí, lena n-áirítear tionchair ionchasacha agus sineirgí le tionscnaimh bheartais eile.	<ul style="list-style-type: none"> • Tuiscint ar chuspóirí foriomlána an Mhisin um Aigéan & Uiscí • Ábharthacht an tionscadail le cuspóirí agus le spriocanna sonracha an Mhisin um Aigéan • Ábharthacht an tionscadail maidir le cuspóirí beartais gaolmhara eile de chuid an AE agus sineirgí le tionscnaimh ábhartha (Moltar go mór méadú agus macasamhlú na dtionscadal nó na dtionscnamh atá ann cheana de thairbhe maoiniú AE, náisiúnta nó réigiúnach).
Rannán 3: Indéantacht an Tionscadail	400	Cuir in iúl gnéithe airgeadais do thionscadal, lena n-áirítear an buiséad pleanáilte agus foinsí maoinithe (lena n-áirítear féin-infheistíocht (leithdháileadh airgeadais nó daonlaethanta)). Sainigh riachtanais do thionscadal, na trí dhúshlán/bac is mó roimhe agus conas a bheartaíonn tú aghaidh a thabhairt orthu.	<ul style="list-style-type: none"> • Indéantacht an Tionscadail

Rannán den Fhoirm Iarratais	Teorainn Focal (seachas spásanna)	Teoracha maidir le Conas an Fhoirm a Chomhlánú	Conas a dhéanfar an measúnú?
Rannán 4: Riachtanais Chúnaimh Theicniúil	400	Sainigh agus rangaigh trí chineál de chúnamh teicniúil a theastaíonn ón roghchlár anuas agus cuir síos ar conas a chuirfidh siad le dúshlán do thionscadail a shárú. Freisin, mínigh breisluach agus ábharthacht an Chúnamh Theicniúil do do thionscadal.	<ul style="list-style-type: none"> • Measúnú ar riachtanais cúnaimh theicniúil • Ábharthacht an chúnamh theicniúil sainithe chun dúshlán an tionscadail a shárú <p>Breisluach an chúnamh theicniúil chun cuspóirí an tionscadail a bhaint amach</p>
Cur Síos Gairid i mBéarla (mura bhfuil an t-iarratas á chur isteach i mBéarla)	250	Tabhair achoimre ghairid ar d'iarratas i mBéarla. Díriú ar phríomhghnéithe do thionscadail agus ar an gcúnamh a bhfuil tú á lorg.	<ul style="list-style-type: none"> • Comhláine agus ábharthacht

Critéir roghnúcháin choiteanna

Déanfar gach iarratas a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a scóráil, bunaithe ar na critéir roghnúcháin a shonraítear sa tábla seo a leanas:

Critéir Roghnúcháin	Ualach sa mheastóireacht deiridh	Nasc chuig Rannán
Cur síos ar an tionscadal	15%	Rannán 1: Faisnéis faoin Tionscadal
Tuiscint agus an méid a chureann sé le cuspóirí agus le tionchair an Mhisin um Aigéan agus sineirgí le tionscnaimh bheartais eile	20%	Rannán 2: Ailíniú le Cuspóirí an Mhisin um Aigéan agus tionchair agus sineirgí le tionscnaimh bheartais eile
Indéantacht an Tionscadail	20%	Rannán 3: Indéantacht an Tionscadail
Ábharthacht/Breisluch an Chúnaimh Theicniúil	20%	Rannán 4: Riachtanais Cúnaimh Theicniúil
Struchtúr eagraíochta chun an Cúnamh Teicniúil a fháil	25%	Rannán 5: Acmhainneacht an Iarratasóra

Nós imeachta roghnúcháin

Nuair a bheidh an t-iarratas curtha isteach, déanfaidh an Fhoireann Measúnaithe agus an Coimisiún Eorpach é a mheas. Críochnóidh an próiseas meastóireachta cúig seachtaine tar éis dhúnadh an Ghlaó ar Léiriú Suime. Ar dtús, déanfaidh na meastóirí incháilitheacht agus iomláine an Léirithe Suime a cuireadh isteach a mheasúnú (féach an rannán “[Cé atá in](#) ann iarratas a dhéanamh?”). Ar an dara dul síos, déanfaidh meastóirí measúnú ar na critéir roghnúcháin (féach an rannán “[Leagan amach na foirme iarratais agus na critéir](#) roghnúcháin ábhartha”). I gcás iarratas a bheith beagán neamhiomlán, déanfar teagmháil go pras leis an iarratasóir agus ceadófar dó soiléiriú a sholáthar maidir le gnéithe atá in easnamh laistigh de 5 lá oibre ó dháta an fhógra.

Tar éis an mheasúnaithe, cuirfear iarratasóirí ar an eolas faoi thoradh a n-iarratais. Cuirfear fógra faoin gcinneadh deiridh ar fáil do na hiarratasóirí roghnaithe agus diúltaithe ar ríomhphost mar aon le haon aiseolas ábhartha. Tá gach cinneadh críochnaitheach agus ní féidir achomharc a dhéanamh ina leith.

Moltar d’iarratasóirí eolas a chur ar an nGlaó ar Léiriú Suime agus teagmháil a dhéanamh leis an deasc chabhrach i gcás aon cheisteanna (féach an rannán “[Conas an fhoirm iarratais a ullmhú agus a chur isteach](#)”).

Tacaíocht d'Iarratasóirí

Nasc chuig an suíomh gréasáin um Léiriú Suime

Féach gach faisnéis ábhartha faoin nGlao ar Léiriú Suime ar shuíomh gréasáin tiomnaithe Ardán Forfheidhmithe an Mhisin: <https://projects.research-and-innovation.ec.europa.eu/en/funding/funding-opportunities/funding-programmes-and-open-calls/horizon-europe/eu-missions-horizon-europe/restore-our-ocean-and-waters/technical-assistance-support-communities-actors-achieve-eu-mission-restore-our-ocean-and-waters>

Feidhmíonn an tairseach seo mar do lárionad do threoirínte iarratais, nuashonruithe agus acmhainní breise.

Nasc chuig Ceisteanna Coitianta

Chun freagraí a fháil ar cheisteanna coitianta maidir leis an bpróiseas iarratais, maidir leis an tacaíocht a chuirtear ar fáil, spriocdhátaí chun iarratais a chur isteach, agus tuilleadh, tabhair cuairt ar an rannán Ceisteanna Coitianta (CCanna) ar shuíomh gréasáin Ardán Forfheidhmithe an Mhisin: <https://projects.research-and-innovation.ec.europa.eu/en/funding/funding-opportunities/funding-programmes-and-open-calls/horizon-europe/eu-missions-horizon-europe/restore-our-ocean-and-waters/technical-assistance-support-communities-actors-achieve-eu-mission-restore-our-ocean-and-waters#call-contact>

Is doiciméad beo é Ceisteanna Coitianta, a nuashonraítear go rialta bunaithe ar cheisteanna ó iarratasóirí agus athruithe ar amlíne an ghlaio, chun a chinntiú go bhfuil fáil agat ar an bhfaisnéis is déanaí.

Sonraí teagmhála an Deasc Chabhrach

Chun tacaíochta pearsanta nó fiafraíocht speisialta a fháil, déan teagmháil leis an Deasc Chabhrach ag mission.ocean.studies@technopolis-group.com. Tá ár bhfoireann réidh chun cuidiú le do cheisteanna i dteangacha ar bith den Aontas Eorpach, ag freagairt laistigh de thrí lá oibre.

Ina measc, cuimsítear Tacaíocht an Deasc Chabhrach

- Freagraí ar fiosruithe i dteangacha ar bith den Aontas Eorpach, le freagraí arna sholáthar i mBéarla, agus más féidir, sa teanga oifigiúil den Aontas Eorpach atá ag an iarratasóir.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021

© An tAontas Eorpach, 2021

Údaraítear athúsáid ar an gcoinníoll go dtugtar aitheantas don fhoinsé agus nach ndéantar brí ná teachtaireacht bhunaidh an doiciméid a shaobhadh.

Ní bheidh an Coimisiún Eorpach faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a eascróidh as an athúsáid. Déantar beartas athúsáide an Choimisiúin Eorpaigh a chur chun feidhme le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39).

Gach íomhá © Aontas Eorpach, mura luaitear a mhalairt. Foinse íomhá: © Richard Carey, #209819526, 2021. Foinse: Stoc.Adobe.com. Deilbhíní © Flaticon – gach ceart ar cosaint.

PDF ISBN 978-92-76-41167-3 doi: [10.2777/500470](https://doi.org/10.2777/500470) KI-01-21-194-GA-N

